# Maoiniú Eile Stáit faoi chomhair Tionscadal Talún/Foirgnimh

*(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2024)*

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna a bheith ag fáil maoiniú stáit eile faoi chomhair tionscadal talún/foirgnimh. D’fhéadfadh tionscadail mhóra tógála/forbartha, oibreacha éigeandála, cóiríocht bhreise, oibreacha samhraidh nó ceannach talún a bheith i measc na dtionscadal sin.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Na cistí a fhaightear/a úsáidtear le haghaidh tionscadail den sórt sin, gan beann ar an bhfoinse, don talamh agus foirgnimh; ní léirítear mar shócmhainní seasta ar chlár comhardaithe scoile, mar a leagtar amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.”

***Tabhair do d'aire:*** I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe.
Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aistriú an ioncaim agus caiteachais chuig an gciste talún/foirgneamh.

### 2.1. Ioncam deontais faighte

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó mhaoiniú stáit eile | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2171 | Deontais Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2. Caiteachas

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar mhaoiniú stáit eile le haghaidh Chostas Talún/Foirgnimh Caipitil | DR | 3991 | Costas Caipitil ar Thalamh/Fhoirgneamh Stáit Eile<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú an t-ioncam ó mhaoiniú stáit eile a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2171 | Deontais Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3904 | Ioncam ó Tionscadail Chaipitil Eile Stáit<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3. Aistriú iarmhéideanna chuig Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh

An bhliain tar éis don tionscadal talún/foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/foirgnimh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3904 | Ioncam ó Thionscadail Chaipitil Stáit Eile<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail talún/foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3991 | Costas Caipitil ar Thalamh/Fhoirgneamh Stáit Eile Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.4 Cuntas ar an ioncam ó mhaoiniú stáit eile gan chaitheamh**

Is ioncam imfhálaithe é ioncam ó mhaoiniú stáit eile agus ní mór an t-iarmhéid nach raibh caite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2171 'Deontais Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh'.